**Fáilteoir - Oifigeach Cléireachais**
**Post ar Chonradh**

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh bliana do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Oifig an Údaráis sna Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall, ar bhunús conartha sainchuspóra.

**Dualgais**

- An oifig fháiltithe a láimhseáil de réir riachtanais, an malartán a bhainistiú, an postas agus fiosrúcháin fóin & ríomhphoist a láimhseáil.
- Obair riaracháin agus chléireachais ghinearálta.
- Ag obair mar chuid d'fhoireann ag soláthar seirbhísí poiblí tábhachtacha.
- Ag obair leis an teicneolaíocht is déanaí chun seirbhísí a thaifeadadh agus a chur chun cinn.
- Taifid ardchaighdeáin a choinneáil ar bhealach críochnúil agus eagraithe.
- Tacaíocht riaracháin a thabhairt d’fhoireann na hoifige mar aon le fáiltiú roimh chuairteoirí agus cruinnithe a shocrú.
- Cumarsáid a dhéanamh agus seirbhís phoiblí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal/do chustaiméirí.
- Aon dualgas eile a leagtar síos

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal
- Sárscileanna riaracháin
- Ardchumas scileanna ríomhaireachta,
- Tuigbheáil leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí forbartha Gaeltachta.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Oifigeach Cléireachais idir €29,797 - €46,950 ag dul leis an bpost. Ba chóir d’iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an **4in Dé hAoine, 6 Nollaig 2024** chuig foluntais@udaras.ie

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta*
*agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*